# 21 Cuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN)

**21.1** Éilítear le hAlt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (Acht 1990) (arna leasú) ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) cuntais a choinneáil ar gach airgead a fhaigheann sí agus a chaitheann sí san fhoirm a cheadaigh an tAire Airgeadais (an tAire), agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh.  Tar éis an t-iniúchadh a chur i gcrích, ní mór do GBCN na cuntais a chur faoi bhráid an Aire, duine a chaithfidh na cuntais a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais dá éis sin.

**21.2** Ina theannta sin, éilítear le halt 12 d'Acht 1990 ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuarascáil a thabhairt do Dháil Éireann maidir le cruinneas na suimeanna a luann GBCN ina cuntais gabh bliain.  Is í seo an tuarascáil don bhliain 2017 de réir an ailt sin d'Acht 1990.

## Cuntais GBCN 2017

**21.3** Seo a leanas na cuntais a ndearnadh iniúchadh orthu de bhun alt 12 d'Acht 1990 (arna leasú)

- Fiachas náisiúnta na hÉireann
- Cuntas riaracháin GBCN
- Ráitis airgeadais an Chiste um Banc Taisce an Phoist
- Ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát
- Ráitis airgeadais Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann.

**21.4** Tá cuntais GBCN don bhliain 2017 iniúchta.  Eisíodh mo thuarascálacha ar na hiniúchtaí ar an 31 Bealtaine 2018.  Chuir an tAire cóipeanna de na cuntais, chomh maith le mo thuarascálacha ar na hiniúchtaí, faoi bhráid Thithe an Oireachtais ar an 9 Iúil 2018.

**21.5** Tá mé sásta go bhfuil idirbhearta GBCN don bhliain 2017 agus a iarmhéideanna ag deireadh na bliana curtha i láthair i gceart sna cuntais.

**21.6** Ina theannta sin, rinne GBCN ráitis airgeadais an Chiste um Chuntais Dhíomhaoine a ullmhú de réir an Achta um Chuntais Dhíomhaoine, 2001.[1]

1 Eisíodh an tuarascáil ar an iniúchadh ar an gCiste um Chuntais Dhíomhaoine ar an 31 Bealtaine 2018.


## Struchtúr, costais agus soláthar foirne na Gníomhaireachta

**21.7** Cuireadh GBCN ar bun den chéad uair sa bhliain 1990. Tá sé forbartha ina eagraíocht chasta ó shin i leith, a bhfuil roinnt feidhmeanna aige a bhfuil i bhfad níos mó i gceist leo ná an croíról bunaidh a bhí aige le fiachas náisiúnta na hÉireann a bhainistiú. Tá breac-chuntas tugtha i bhFíor 21.1.

**21.8** Tugann GBCN baill foirne don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) agus do Chorparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (CBSÉ), agus cuireann seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta ar fáil dóibh ar bhonn forchúiteamh costas chomh maith. Tá breac-chuntas tugtha i bhFíor 21.2 ar na costais sin. Tá a mbord féin ag GNBS agus CBSÉ araon agus tá siad freagrach do Dháil Éireann go leithleach.

**21.9** Bhí 790 ball foirne ag GBCN ag deireadh 2017.[1] Tá leagtha amach i bhFíor 21.3 sannadh ball foirne d'fheidhmeanna agus do ghníomhaíochtaí éagsúla ag deireadh na bliana, ó 2012 go 2017.

**Fíor 21.1 Struchtúr Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí:

a Ullmhaítear ráitis airgeadais ar leith i ndáil le gníomhaíochtaí gach ceann de na feidhmeanna/haonáin seo.

b I gcás maoiniú Stáit, bainistiú fiachais agus seirbhísí bainistithe cisteáin, ullmhaítear ráitis airgeadais ar leith do Chiste na gCuntas Díomhaoin, don Chiste um Banc Taisce an Phoist agus don fhiachas náisiúnta.

c Ghlac Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) ceannas shócmhainní agus dliteanais an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) ar láimh in 2014. Leanfar de ráitis airgeadais a ullmhú maidir leis an CNP go dtí go mbeidh gach sócmhainn aistrithe go dleathach chuig CISÉ. Amhail an 31 Nollaig 2017, bhí sócmhainní eachtracha arna luacháil ar €95,000 (2016: €439,000) fós sa CNP.

1 Léiríonn an figiúr seo líon na gconarthaí fostaíochta, seachas an choibhéis lánaimseartha, a bhí cothrom le 784 ag deireadh 2017.

## Fíor 21.2 Costas oibríochtaí, 2015 go 2017[a]

| | 2015 | 2016 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m |
| **Aonaid Ghnó GBCN** | | | |
| Maoiniú agus bainistiú fiachais | 10.1 | 11.5 | 12.5 |
| Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann | 8.7 | 10.4 | 12.5 |
| An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 15.7 | 19.4 | 20.8 |
| NewERA | 6.2 | 5.3 | 5.4 |
| An tAonad Baincéireachta (Aonad Comhairleach Scairshealbhaithe agus Airgeadais na Roinne Airgeadais) | 2.4 | 2.8 | 4.3 |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais | 9.1 | 9.5 | 10.1 |
| **Comhlachtaí tacaithe** | | | |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní | 53.5 | 46.7 | 38.1 |
| Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann | 3.6 | 4.2 | 5.2 |
| **Iomlán** | **109.3** | **109.8** | **108.9** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Níor cuireadh costais na n-oibríochtaí i leith na n-aonad gnó uile de GBCN roimh 2015.

## Fíor 21.3 Dáileadh foirne GBCN ag deireadh na bliana, 2012 go 2017

| | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Aonaid Ghnó GBCN** | | | | | | |
| Maoiniú agus bainistiú fiachais | 14 | 15 | 19 | 21 | 20 | 24 |
| Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann | 13 | 15 | 33 | 36 | 41 | 44 |
| An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 69 | 77 | 91 | 109 | 128 | 138 |
| NewERA | 12 | 13 | 14 | 19 | 19 | 21 |
| An tAonad Baincéireachta (Aonad Comhairleach Scairshealbhaithe agus Airgeadais na Roinne Airgeadais) | 12 | 14 | 13 | 12 | 13 | 11 |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais | 44 | 52 | 63 | 60 | 61 | 67 |
| **Feidhmeanna corparáideacha GBCN** | | | | | | |
| Airgeadas, teicneolaíocht agus oibríochtaí | 73 | 95 | 112 | 121 | 125 | 138 |
| Dlí, comhlíonadh, AD agus iniúchadh inmheánach | 21 | 24 | 22 | 33 | 35 | 41 |
| Riosca | 12 | 15 | 14 | 18 | 20 | 20 |
| Eile | 6 | 6 | 6 | 2 | 2 | 4 |
| **Comhlachtaí tacaithe** | | | | | | |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní | 224 | 331 | 369 | 341 | 302 | 264 |
| Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann | — | — | 3 | 9 | 16 | 18 |
| **Iomlán** | **500** | **657** | **759** | **781** | **782** | **790** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

### *Bogadh na Ceannoifige chuig Cé an Phoirt Thuaidh*

**21.10** In 2017, rinne an Ghníomhaireacht comhaontú léasa i ndáil le cóiríocht oifige ag Bloc D1, Tuirlingtí Bhaile Átha Cliath, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1. Tar éis don tiarna talún coinníollacha ábhartha den chomhaontú léasa a chomhlíonadh, bronnadh na léasanna ar an nGníomhaireacht ar an 24 Bealtaine 2018. Táthar ag súil go mbogfar isteach san fhoirgneamh nua i ráithe 3, 2019.

**21.11** Mairfidh na léasanna atá ag GBCN i leith a oifigí reatha ag Foirgneamh an Státchiste, Sráid na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2, go dtí 2026 agus 2027. Tá GBCN ag breathnú ar roghanna éagsúla maidir leis na léasanna atá aige faoi láthair.

### *Maoiniú, fiachas agus bainistiú cisteáin*

**21.12** Faigheann GBCN iasachtaí thar ceann an Státchiste agus déanann fiachas náisiúnta na hÉireann a bhainistiú.[1]

**21.13** Comhlíonann GBCN roinnt feidhmeanna bainistithe fiachais agus cisteáin, lena n-áirítear

- oibríochtaí cisteáin do GNBS, CISÉ, CBSÉ agus an Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc Teoranta (atá faoi leachtú speisialta) (CÉRB)
- lársheirbhís chisteáin a chur ar fáil do chomhlachtaí Stáit agus d'údaráis áitiúla
- sócmhainní Chiste na gCuntas Díomhaoin agus an Chiste um Banc Taisce an Phoist a bhainistiú.

### *An scéim ráthaíochta d'fhorais airgeadais*

**21.14** Tá dliteanais incháilithe áirithe atá in institiúidí airgeadais, lena n-áirítear taiscí agus urrúis fiachais suas le cúig bliana in aibíocht, faoi ráthaíocht ag an Aire faoin Scéim um Fhorais Chreidmheasa (Ráthaíocht Dliteanas Incháilithe) 2009 (an scéim). Cheap an tAire GBCN mar oibritheoir na scéime.[2]

**21.15** Éilítear ar gach foras a bhfuil dliteanais faoi ráthaíocht faoin scéim acu táille a íoc. Fuarthas €12 mhilliún (2016: €47 milliún) in 2017.[3] Is é Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Airgeadais atá freagrach as na táillí a fuarthas.

**21.16** Agus Banc na hÉireann ag ullmhú le himeacht ón scéim, rinne sé athbhreithniú ar a chuid oibleagáidí agus íocaíochtaí faoin scéim, rud ar thángthas ar ghlan-ghanníocaíocht dá bharr. I mí Lúnasa 2016 rinne an Banc íocaíocht as cúrsa de luach €14 milliún leis an Roinn Airgeadais as táillí a bhí dlite.

**21.17** Roimh an dáta deiridh le haghaidh na ndliteanas ar fad a bhí fós amuigh faoin scéim, .i. an 28 Márta 2018, scríobh GBCN chuig gach institiúid a bhí páirteach inti le hiarraidh orthu a dheimhniú dó nach raibh aon cheisteanna fós gan réiteach agus go raibh gach táille chuí íoctha.


**21.18** Scoireadh den scéim i gcomhair dliteanais nua le héifeacht ó mheán oíche ar an 28 Márta 2013. Ag deireadh 2017, b'ionann na suimeanna a bhí clúdaithe ag an scéim agus thart ar €276 milliún (féach Fíor 21.4). Amhail an 29 Márta 2018, ní raibh aon dliteanais fós clúdaithe ag an scéim, seachas na dliteanais iarmharacha a d'eascair as leachtú na Corparáide Éireannaí um Réiteach Banc (an CÉRB).

1 Tá sonraí faoi struchtúr an fhiachais náisiúnta agus faoi threochtaí i bhfiachas an Rialtais san áireamh i gCaibidil 1, *Toradh airgeadais an Státchiste, 2017.*

2 I.R. Uimh. 490 de 2009.

3 Aithnítear táillí ar bhonn airgid, faightear go ráithiúil i riaráiste iad, agus íoctar isteach i bPríomhchiste an Státchiste iad. Ba é €8 milliún (2016: €42 milliún) na táillí i leith 2017 ar bhonn fabhraithe.

**Fíor 21.4 Dliteanais clúdaithe faoin Scéim Dliteanas Incháilithe, ag deireadh bliana 2010 go dtí Márta 2018**




Foinse: An Roinn Airgeadais

**21.19** Tar éis leachtú an CÉRB i mí Feabhra 2013, rinneadh roinnt éileamh faoin scéim. I mí an Márta 2013, tharmlig an tAire tuilleadh feidhmeanna do GBCN[1]

- éilimh íocaíochta a dheimhniú i leith gníomhas ráthaíochta a cuireadh i bhfeidhm ar an 29 Samhain 2010 maidir le conarthaí díorthacha áirithe a rinne CÉRB
- suimeanna a íoc atá dlite faoin ngníomhas ráthaíochta.

**21.20** Leanann GBCN, mar oibritheoir na scéime, d'íocaíochtaí a phróiseáil faoi na scéimeanna de réir mar a chuirtear éilimh isteach agus mar a dheimhnítear iad. Íocadh amach beagáinín ní ba mhó ná €1.1 billiún faoin scéim faoi dheireadh 2017 (féach Fíor 21.5).

**Fíor 21.5 Íocaíochtaí CÉRB faoin scéim ráthaíochta um fhorais airgeadais, 2013 go deireadh 2017**

| | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cineál na híocaíochta** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| Taiscí[a] | 63.9 | 74.6 | 4.5 | 4.2 | 0.1 | 147.3 |
| Sealbhóirí bannaí[a] | 933.8 | — | — | — | — | 933.8 |
| Díorthaigh[b] | 37.5 | — | — | — | — | 37.5 |
| Costais[c] | — | — | — | — | 7.2 | 7.2 |
| **Iomlán na n-íocaíochtaí** | **1,035.2** | **74.6** | **4.5** | **4.2** | **7.3** | **1,125.8** |
| Gnóthaithe ó leachtaitheoirí speisialta | | | | | | (562.9) |
| **Iarmhéid na n-éileamh amuigh** | | | | | | **562.9** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí: a Íocaíochtaí a rinneadh faoin Scéim um Fhorais Chreidmheasa (Ráthaíocht Dliteanas Incháilithe).
b Íocaíochtaí a rinneadh faoi Ghníomhas Ráthaíochta CÉRB.
c Costais a thabhaigh GBCN (mar oibritheoir na scéime).

1 I.R. Uimh. 85 de 2013.

**21.21** Tá éilimh de luach iomlán €1,125.8 milliún curtha faoi bhráid comhleachtaitheoirí speisialta CÉRB[1]

- €1088,3 milliún arna éileamh ag GBCN i leith íocaíochtaí le sealbhóirí bannaí agus le taisceoirí, agus costais (€7.2 milliún)[2]
- €37.5 milliún arna éileamh ag an Roinn Airgeadais i leith díorthach.[2]

**21.22** In 2016 agus 2017, d'íoc na comhleachtaitheoirí speisialta 50% de na suimeanna a bhí dlite le gach crediúnaí neamhurraithe a glacadh isteach sa leachtú. Fuair an Státchiste thart ar €559.9 milliún — €541.1 milliún i leith éilimh GBCN, agus €18.8 milliún i leith éileamh na Roinne.

**21.23** I mí na Nollag 2017, sheol GBCN litir shoiléirithe chuig na comhleachtaitheoirí speisialta, inar tugadh achoimre ar na méideanna a íocadh go dtí sin, na costais a tabhaíodh mar chuid den leachtú san áireamh. D'íoc na leachtaitheoirí speisialta i mí Iúil 2018 €2.96 milliún le GBCN i leith costas.

### *An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát*

**21.24** Déanann GBCN éilimh chúitimh díobhála pearsanta, damáiste maoine agus faillí cliniciúla a bhainistiú thar ceann 'údaráis tharmligthe Stáit' áirithe. Ina theannta sin, tá ról bainistithe riosca aige sa chaoi a dtugann sé comhairle agus cúnamh do na húdaráis Stáit sin cén chaoi nochtadh le héilimh a íoslaghdú. Déanann sé éilimh chostais tríú páirtí a eascraíonn as binsí fiosrúcháin áirithe a mheas agus a bhainistiú freisin, chomh maith le héilimh ó páirtithe ar éirigh leo an dlí a chur ar an Stát i leith caingne gortuithe phearsanta agus caingne eile nár bhain le gortú pearsanta. Agus na feidhmeanna seo á gcomhlíonadh aige, tugtar an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS) ar GBCN. Amhail ar an 31 Nollaig 2017, bhí 146 údarás Stáit faoi chúram an GÉS.


**21.25** B'ionann dámhachtainí agus costais éilimh ghaolmhara an GÉS in 2017 agus €316.8 milliún (2016: €256.2 milliún) ar an iomlán. Is féidir na costais sin a fháil ar ais ó na húdaráis ábhartha Stáit a bhaineann leas as seirbhísí an GÉS. Tá méadú suntasach tagtha ar líon na n-éileamh atá á mbainistiú ó 2012 i leith. Ag deireadh 2017, bhí beagnach 9,956 éileamh á mbainistiú, lenar áiríodh thart ar 2,176 éileamh a bhain le hollchaingne (idir ghinearálta agus chliniciúil). In 2017, réitíodh 2,233 éileamh, laghdú 3% i gcomparáid leis an mbliain roimhe (féach Fíor 21.6).

**21.26** Tá an costas measta le héilimh a shocrú ag méadú go seasta. Mheas an GÉS gurbh é €2.7 billiún an dliteanas ag deireadh 2017, breis is dhá oiread an dliteanais ag deireadh 2012 (féach Fíor 21.7).

1 D'fhéadfadh sé nach mbeadh na suimeanna a íoctar faoi na scéimeanna mar an gcéanna leis na suimeanna a éilítear ó na comhleachtaitheoirí speisialta mar gheall ar chúrsaí ama agus ar na costais ghaolmhara a éilítear.


2 Bíonn ús iníoctha ó dháta an éilimh go dtí an dáta a n-íocann na comhleachtaitheoirí speisialta iad. Níl aon ús íoctha go dtí seo.

**Fíor 21.6 Éilimh a fuarthas, a réitíodh agus atá á mbainistiú, ag deireadh na bliana, 2012 go 2017**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta


**Fíor 21.7 Costas measta le gach éileamh amuigh a shocrú, ag deireadh na bliana, 2012 go 2017**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**21.27** Bhí comhlachtaí san earnáil sláinte (FSS, Tusla agus an Roinn Sláinte ina measc) taobh thiar de 89% den dliteanas measta gan réiteach amhail ag deireadh 2017. Bhain 10% le dhá earnáil eile (féach Fíor 21.8).

**Fíor 21.8 Cion den dliteanas measta a bhaineann le gach earnáil údaráis Stáit, ag deireadh 2017**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí: a Tá san áireamh faoi 'Sláinte' FSS agus éilimh a bhaineann le comhlachtaí atá faoina choimirce, chomh maith le héilimh a bhaineann le Tusla.

b Tá san áireamh faoi 'Dlí agus Ceart agus Cosaint' Seirbhís Phríosúin na hÉireann, na Fórsaí Cosanta agus a thuilleadh nach iad.

**21.28** I mí Feabhra 2013, cuireadh aonad costas dlíthiúil Stáit ar bun laistigh den GÉS le plé a dhéanamh le costais tríú páirtí a bhí ag eascairt as Binse Mahon, Binse Moriarty agus Binse Smithwick.[1] In 2015, leag an Rialtas de chúram ar an aonad seo plé a dhéanamh le gach éileamh tríú páirtí ar chostais dhlíthiúla i gcoinne aonáin tharmligthe Stáit.[2]

**21.29** Déanann an GÉS athbhreithniú ar na costais dhlíthiúla a éilíonn ionadaithe dlíthiúla gearánaithe. Mura n-aontaítear na suimeanna arna n-éileamh, cuirtear ar aghaidh chuig Máistir Fómhais na hArd-Chúirte iad. In 2017, shocraigh an GÉS 440 éileamh ar chostais dhlíthiúla. Socraíodh na héilimh, ab fhiú €107.1 milliún ar an iomlán, ar chostas €55.4 milliún (laghdú 48% ar na méideanna a éilíodh). Níor cuireadh aon cheann de na héilimh a socraíodh ar aghaidh chuig an Máistir Fómhais.

### *Bainistiú an Chiste Carbóin*

**21.30** Cuireadh an Ciste Carbóin ar bun de bhun an Achta um an gCiste Carbóin, 2007. De réir Acht 2007, tá GBCN freagrach as creidmheasanna carbóin a cheannach tríd an gCiste Carbóin, rud a éilítear leis na hoibleagáidí atá ar Éirinn ó thaobh an athraithe aeráide de a chomhlíonadh. Tá ceannach creidmheasanna carbóin ar fionraí ó mhí Feabhra 2009. Ag deireadh 2017, bhí sócmhainní arbh fhiú a luach fála agus €91 milliún i seilbh an Chiste Carbóin.

**21.31** Coinnítear cuntais ar leith i gcomhair an Chiste Carbóin de réir Acht 2007, agus ní bhíonn siad ina gcuid de chuntais GBCN chun críocha alt 12 d'Acht 1990 (arna leasú).[3]

1 Cuireadh bonn reachtúil faoi fheidhmeannas costas dlíthiúil an GÉS leis an Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014 (Acht 2014).

2 I.R. Uimh. 505 de 2015, an tOrdú um GBCN (Tarmligean Éileamh i gcomhair Feidhmeanna Bainistithe Costas), 2015.

3 Eisíodh an tuarascáil ar an iniúchadh ar an gCiste Carbóin ar an 31 Bealtaine 2018.

### *NewERA*

**21.32** Cuireadh bonn reachtúil faoi na feidhmeanna de GBCN a bhaineann leis an Údarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh (NewERA) i mí na Nollag 2014, tráth ar cuireadh tús leis na hailt ábhartha d'Acht 2014.[1]

**21.33** I measc na bhfeidhmeanna NewERA tá comhairle airgeadais agus thráchtála ar réimse saincheisteanna a chur ar fáil d'Aire ábhartha den Rialtas i leith comhlacht ainmnithe atá faoina c(h)úram.[2]Chomh maith leis sin, nuair atá scaireanna nó sócmhainní ag an Aire i gcomhlacht nach bhfuil ainmnithe chun críocha NewERA, nuair atá freagracht ghinearálta air/uirthi as comhlacht, nó nuair atá aon fheidhm aige/aici i ndáil le comhlacht den sórt sin, féadann NewERA seirbhísí cosúla a chur ar fáil don Aire.

**21.34** Chaith GBCN thart ar €5.4 milliún ar ghníomhaíochtaí NewERA in 2017, rud atá nochta go leithleach i gcuntas riaracháin GBCN. Baineann formhór an chaiteachais sin leis na costais oibriúcháin a thabhaigh GBCN le comhairle airgeadais agus thráchtála a chur ar fáil do na hAirí cuí, lena n-áirítear 70 aighneacht arna ndéanamh ag comhlachtaí tráchtála Stáit atá faoina chroí-shainchúram. In 2017, bhí i gceist leis sin comhairle a bhain le

- eisiúint bannaí do ESB agus saoráidí creidmheasa d'Uisce Éireann agus d'EirGrid
- buiséid caiteachais caipitil, an chuid ba mhó acu a bhain le sócmhainní líonraí rialaithe leictreachais agus gáis
- tionscadail caiteachais caipitil ar leith, lena n-áirítear tionscadail sínte líonraí gáis/snáithín de chuid Líonraí Gáis Éireann agus Aurora Telcom, tionscadail infreastruchtúir de chuid Uisce Éireann, tionscadal painéal adhmaid medite Coillte agus forbairt feirmeacha gaoithe agus ceannoifige ESB.

### *Soláthar foirne don fheidhm bhaincéireachta*

**21.35** Tá Aonad Baincéireachta GBCN ar iasacht ag an Roinn Airgeadais ó mhí Lúnasa 2011 i leith, áit a bhfuil sé anois ina chuid d'Aonad Comhairleach Scairshealbhaithe agus Airgeadais na Roinne.[3] Ar ordú an Aire, tá GBCN fós ag íoc chostais an Aonaid Baincéireachta, a chuimsíonn costais foirne agus costais áirithe comhairleoirí gairmiúla. Thabhaigh GBCN costais €4.3 milliún in 2017 i ndáil leis an Aonad Baincéireachta, rud atá nochta go leithleach i gcuntas riaracháin GBCN don bhliain 2017. Thabhaigh GBCN €2.2 milliún de chostais comhairle gairmiúla a bhain le díol na scaireanna i mBainc-Aontas Éireann (AIB). Fuarthas an tsuim sin ar ais ó AIB in 2017.

### *Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann*

**21.36** Cuireadh Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) ar bun i mí na Nollag 2014 de bhun Acht 2014. Aistríodh sócmhainní agus dliteanais an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) chuig CISÉ tráth ar cuireadh ar bun é, seachas roinnt sócmhainní agus dliteanais eachtracha iarmharacha.[4]

**21.37** Amhail an 31 Nollaig 2017, bhí luach €20.4 billiún de ghlansócmhainní ag CISÉ (2016: €21 billiún). Bhí €11.8 billiún (2016: €12.9 billiún) de na glansócmhainní sa phunann lánroghnach agus €8.7 billiún (2016: €8.1 billiún) sa phunann infheistíochta treoraithe.

- Tá punann na n-infheistíochtaí treoraithe faoi réir na dtreoraithe a thugann an tAire Airgeadais.[5] Tá treoraithe ag an Aire go ndéanfar aon ús nó aon ioncam eile a gheofar i leith na dtaiscí agus/nó na n-urrús atá á gcoinneáil sa phunann threoraithe a aistriú chuig an bpunann lánroghnach, áit a ndéanann GBCN iad a choinneáil nó a infheistiú.

1 Cuireadh an tÚdarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh (NewERA) ar bun ar dtús ar bhonn neamhreachtúil tar éis don Rialtas fógra a dhéanamh i mí Mheán Fómhair 2011.

2 Amhail an 31 Nollaig 2017, ba iad na comhlachtaí ainmnithe ná Bord Soláthair an Leictreachais, Ervia, Bord na Móna cpt, Coillte Teoranta, Eirgrid cpt, Uisce Éireann agus aon fhochuideachtaí a bhaineann leo nó aon chuideachta ina bhfuil leas ag na comhlachtaí ainmnithe sin. I mí Aibreáin 2018, tháinig An Post chun a bheith ina chomhlacht ainmnithe.

3 I.R. Uimh. 395 de 2011.

4 Ag deireadh 2017, ba ann do líon beag sócmhainní eachtracha, a luacháladh ar €95,000 milliún, nach raibh aistrithe chuig CISÉ go fóill.

5 Foráiltear le hAlt 43 d'Acht 2014 go bhféadfaidh an tAire treoir a thabhairt do GBCN maidir le hinfheistíochtaí treoraithe a choinneáil agus a bhainistiú, aon chearta vótála nó aon chearta eile a ghabhann le hinfheistíocht threoraithe a fheidhmiú, mar aon le hinfheistíochtaí treoraithe a dhiúscairt.

- Tá sa phunann lánroghnach infheistíochtaí a dhéantar de réir na n-alt cuí d'Acht 2014, faoina ndéanann GBCN sócmhainní CISÉ (seachas infheistíochtaí treoraithe) a choinneáil nó a infheistiú ar bhonn tráchtála ar bhealach atá ceaptha le tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht sa Stát.

### *Punann na n-infheistíochtaí treoraithe*

**21.38** Iasacht €25 milliún a thug CISÉ don CBSÉ agus a bhí fós amuigh, tiontaíodh ina scairchaipiteal den CBSÉ í i mí Feabhra 2017 de réir treoir ón Aire. Tá an scairchaipiteal sin i seilbh dhíreach an Aire.

**21.39** I mí an Mheithimh agus mí Iúil 2017, réadaigh an Stát €3.4 billiún nuair a dhíol beagnach 29% de na scaireanna in AIB i dtairiscint phoiblí thosaigh (TPT).

**21.40** Amhail an 31 Nollaig 2017, is mar seo a leanas a bhí glansócmhainní phunann na n-infheistíochtaí treoraithe

- Bainc-Aontas Éireann — scairsheilbh 71% atá luacháilte ar €10.5 billiún (€5.42 in aghaidh na scaire)
- Banc na hÉireann – scairsheilbh 13.9% atá luacháilte ar €1.1 billiún (€7.12 in aghaidh na scaire).
- €215 milliún in airgead tirim atá geallta lena iasachtú do Chorparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann.

### *An Phunann Lánroghnach*

**21.41** Is é sainordú reachtúil CISÉ, i leith na punainne lánroghnaí, infheistíocht a dhéanamh ar bhonn tráchtála d'fhonn tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht sa Stát. Éilítear ar GBCN straitéis infheistíochta a chinneadh, a mhonatóiriú agus a athbhreithniú i leith shócmhainní CISÉ (seachas infheistíochtaí treoraithe) i gcomhairle leis an Aire agus leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. I mí Iúil 2015, d'fhoilsigh CISÉ Straitéis Infheistíochta, a bhfuil treo straitéiseach fadtéarmach an Chiste leagtha amach inti. Bhí i gceist leis an straitéis infheistíochta sin

- infheistíocht a dhéanamh ar bhonn tráchtála d'fhonn tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht sa Stát
- leas a bhaint as príomhghnéithe idirdhealaitheacha CISÉ (.i. solúbthacht, tréimhse ama fhadtéarmach, comhpháirtí infheistíochta ceannasach) le hidirbhearta a chumasú nach mbeadh éasca le cur i gcrích seachas sin
- iarracht a dhéanamh 80% a chur i leataobh do dheiseanna infheistíochta a mbeidh 'ardtionchar eacnamaíoch' acu, a ghinfidh breisíocht gheilleagrach le himeacht ama agus nach mbeidh ach méid beag díláithrithe agus marbhualaigh i gceist leo[1]
- feidhm a bhaint as caipiteal le himeacht tréimhse 3 go 5 bliana, de réir mar a bheidh fáil ar dheiseanna infheistíochta tráchtála
- toradh punainne a thuilleamh sa mheántéarma atá níos mó ná meánchostas fhiachas Rialtas na hÉireann
- comh-infheistiú a lorg, nuair is féidir, d'fhonn an leas eacnamaíoch is mó a bhaint as acmhainní CISÉ.

**21.42** Nuair a cuireadh an straitéis infheistíochta i gcrích i lár 2015, comhaontaíodh go ndéanfaí athbhreithniú foirmeálta ar an straitéis tar éis 18 mí agus go mbeadh comhairliúchán leis an Aire agus leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar chuid de. I mí Iúil 2018, ghlac an Rialtas le toradh an athbhreithnithe agus tá CISÉ ag ullmhú tograí maidir le straitéis leasaithe infheistíochta faoi láthair lena meas ag an Aire.

**21.43** Thuairiscigh CISÉ toradh infheistíochta 4.3% ar an bpunann lánroghnach in 2017.

1 Déanann GBCN cur síos ar bhreisíocht gheilleagrach mar bhuntáistí don OTI a eascróidh de bharr na hinfheistíochta. Is éard atá i gceist le marbhualach ná an tionchar geilleagrach a bheadh ann i gcás ar bith agus is éard is díláithriú ann ná nuair a thagann an infheistíocht in ionad gníomhaíocht gheilleagrach atá ann cheana.

### *Cistí spriocdhírithe*

**21.44** Aistríodh €335 milliún ón Státchiste chuig CISÉ chun críche Ciste Nascachta nua a cuireadh ar bun laistigh den phunann lánroghnach. Ní mór d'aon infheistíocht atá sa Chiste Nascachta baint a bheith aici le tionscadail a fheabhsóidh nascacht fhisiciúil, fhíorúil nó fuinnimh na hÉireann. Bá é €93 milliún an t-iomlán a bhí in úsáid ag CISÉ faoin gCiste Nascachta amhail ag deireadh 2017. I measc na n-infheistíochtaí sin bhí

- Infheistíocht chothromais €26 milliún in Aqua Comms — le tacú leis an líonra fomhuirí snáthoptaice idir Nua-Eabhrac, Baile Átha Cliath agus Londain trí Chill Ala, Contae Mhaigh Eo
- Infheistíocht €35 milliún i mbanna 2028 a d'eisigh Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath
- Saoráid fofhéich €18 milliún do Phort Chorcaí, le cur ar a chumas bogadh ó na háiteanna a bhfuil sé lonnaithe faoi láthair gar do lár na cathrach chuig láithreán athfhorbartha i Rinn an Scidígh
- Saoráid iasachta €14 mhilliún d'Aerfort na Sionainne le tacú leo an rúidbhealach atá ann cheana a uasghrádú.

### *Tionscnaimh Cháinaisnéis 2018*

**21.45** I gCáinaisnéis 2018, dhearbhaigh an Rialtas go raibh sé ar intinn aige 'Ciste Éigeandála' agus Maoiniú Tógála Tithíochta Éireann (MTTÉ) a chur ar bun, agus go maoineofaí an dá cheann acu le hacmhainní de chuid CISÉ ar dtús.

- Bunófar an Ciste Éigeandála in 2019. Cuirfear €1.5 billiún ón CISÉ isteach ann ar an gcéad dul síos agus cuirfidh an Státchiste €500 milliún isteach ann go bliantúil idir 2019 agus 2021.
- Beidh MTTÉ freagrach as fáil forbróirí ar mhaoiniú fiachais ar théarmaí margaidh a mhéadú d'fhonn cur ar a gcumas tionscadail inmharthana forbartha tithíochta cónaithe a fhorbairt. Cuirfear suas le €750 milliún de chistí CISÉ i leataobh don tionscnamh sin. Faoi dheireadh 2017, bhí CISÉ tar éis €526 milliún a shannadh d'infheistíochtaí tithíochta cónaithe. Táthar ag súil leis go seachadfar 9,500 aonad tithíochta faoin mbliain 2021 faoi na tionscadail tithíochta cónaithe arna dtacú ag CISÉ.

### *An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais*

**21.46** Agus gníomhaíochtaí áirithe infheistíochta infreastruchtúir á gcomhlíonadh ag GBCN, tugann sé an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (an GNFA) air féin. I measc feidhmeanna an GNFA tá feidhmiú mar an comhairleoir airgeadais reachtúil d'údaráis Stáit ar gach tionscadal infheistíochta poiblí ar mhó a luach caipitiúil ná €20 milliún.

**21.47** Ina theannta sin tá an GNFA freagrach as

- tionscadail comhpháirtíochta príobháidí poiblí (CPP) a sholáthar agus a sheachadadh in earnálacha seachas na hearnálacha iompair agus údarás áitiúil
- tionscadail áirithe oideachais a sholáthar go díreach
- seirbhísí bainistíochta conartha a chur ar fáil i dtaca le feidhmiú agus cothabháil scoileanna áirithe CPP
- monatóireacht a dhéanamh ar thionscadal CPP an Ionaid Comhdhála, Baile Átha Cliath faoi chomhaontú seirbhíse.

**21.48** Seo a leanas an dul chun cinn ar thionscadail CPP a bhí ar bun ag deireadh 2017

- Ionaid cúraim phríomhúil — cuireadh ceithre ionad cúraim phríomhúil i gcrích i gcaitheamh 2017, cuireadh 9 gcinn eile i gcrích faoi dheireadh mhí Lúnasa 2018, agus tá sé beartaithe go n-osclófar an t-ionad eile níos deireanaí i mbliana.
- CPP i gcomhair Cúirteanna — tá i gceist leis seo tithe cúirte nua a fhorbairt agus tithe cúirte atá ann cheana a athchóiriú i seacht áit. Cuireadh trí cinn acu i gcrích in 2017, agus críochnaíodh na ceithre cinn eile faoi mhí Lúnasa 2018.
- CPP i gcomhair Scoileanna, Beartán 5 — tá cúig scoil agus institiúid breisoideachais amháin i gceist leis seo, a chuirfidh 4,870 áit ar fáil do dhaltaí, scoláirí agus mic léinn. Cuireadh moill ar an tionscadal seo tar éis leachtú Carillion Construction Ltd. i mí Eanáir 2018, dream arb leo 50% den chuibhreannas CPP.[1] Ní dhéantar íocaíochtaí muirir aonadaigh go dtí go gcuirtear tús leis an tseirbhís sa scoil.
- CPP i gcomhair Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Gráinseach Ghormáin - bronnadh an conradh agus réitíodh na ceisteanna airgeadais i mí an Mhárta 2018. Glactar leis go dtógfaidh an próiseas tógála dhá bhliain, rud a fhágann go bhfuil sé beartaithe go dtiocfaidh na foirgnimh i bhfeidhm in 2020.
- CPP i gcomhair tithíocht shóisialta - baineann sé seo le 1,500 aonad tithíochta sóisialta a fhorbairt agus iad roinnte ina dtrí bheartán. Cuireadh tús leis an nglao ar thairiscintí maidir le beartán 1 in 2017 (534 aonad tithíochta) agus beartán 2 in 2018 (465 aonad tithíochta).

**21.49** Seo a leanas na tionscadail a gcuireann an GNFA comhairle ar fáil maidir leo faoi láthair, comhairle airgeadais san áireamh

- tionscadail tithíochta, lena n-áirítear scéimeanna léasa agus 'morgáiste go cíos'
- údaráis áitiúla agus úsáid na talún atá acu le luas a chur faoi thithíocht shóisialta, inacmhainne, phríobháideach a chur ar fáil de réir bheartas an Rialtais
- CPP i gcomhair Loisceoir 'Dramhaíl go Fuinneamh' Bhaile Átha Cliath — thosaigh an tionscadal ag feidhmiú in 2017 agus rinneadh é a athmhaoiniú i mí na Nollag 2017
- an tSaotharlann Fóiréinseolaíochta
- Seirbhísí líonra raidió dhigitigh atá slán, bainistithe
- Ospidéal na Seirbhísí Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí
- Aonad Oinceolaíochta Radaíochta Chorcaí
- Tionscadal Champas Oideachais Mhaigh Nuad.

**21.50** Lena chois sin, tugann an GNFA cúnamh do thionscadail atá maoinithe go traidisiúnta agus do thionscadail CPP atá ag lorg maoiniú ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI). D'oibrigh an GNFA i gcomhar leis an mBanc Eorpach Infheistíochta le hiasacht dhíreach €490 milliún a thabhairt don Státchiste le haghaidh Ospidéal nua na Leanaí. Tugadh é sin chun críche i mí na Nollag 2017 agus is é an méid is mó airgid atá curtha ar fáil in Éirinn riamh ag an mBanc.

### *An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (an GNBS)*

**21.51** Mar a bhí i mblianta eile, shann GBCN baill foirne don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) agus chuir seirbhísí ar fáil di le linn 2017. Thabhaigh GBCN costais €38 milliún (2016: €47 milliún) ina leith sin, rud a athghearradh ar GBCN.[2]

- Tabhaíodh €34 milliún (2016: €41 milliún) i leith costais foirne. Bhain sé sin le baill foirne atá fostaithe ag GBCN go díreach agus baill foirne atá sannta do GBCN (264

1 Tar éis glao nua ar thairiscintí, tá dhá cheann de na scoileanna ar oscailt anois agus tá an tríú ceann críochnaithe agus réidh le hoscailt go déanach i mí Mheán Fómhair 2018. Tá na scoileanna eile agus an institiúid oideachais fós le hoscailt.

2 B'ionann costais riaracháin an GNBS agus €67 milliún in 2017 (€80 milliún in 2016).

ball foirne amhail ar an 31 Nollaig 2017), agus le costas cionroinnte luach saothair na bhfostaithe de chuid GBCN a fheidhmíonn seirbhísí comhroinnte, amhail seirbhísí TF, acmhainní daonna agus airgeadais.

- Thabhaigh GBCN €4 mhilliún (2016: €6 mhilliún) i leith costais eile thar ceann an GNBS, lena n-áirítear cíos, seirbhísí oifige agus costais chomhairleachta.

**21.52** Coinnítear cuntais ar leith i gcomhair an GNBS agus ní bhíonn siad ina gcuid de chuntais GBCN chun críocha alt 12 d'Acht 1990 (arna leasú).[1]

### *Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann*

**21.53** Cuireadh Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (CBSÉ) ar bun mar chuideachta i mí Mheán Fómhair 2014 faoin Acht um Chorparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann, 2014, d'fhonn creidmheas ar ísealchostas a chur ar fáil do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide Éireannacha ach cistí a fhoinsiú ó iasachtóirí (agus infheisteoirí) náisiúnta agus idirnáisiúnta.[2]

**21.54** Cuireann GBCN seirbhísí gnó agus tacaíochta, seirbhísí córais, foirne agus cisteáin agus comhairle ar urrúis fiachais agus iasachtaí ar fáil do CBSÉ. Thabhaigh GBCN costais €5.2 milliún i leith na seirbhísí sin a chur ar fáil in 2017 (2016: €4.2 milliún), rud a athghearradh ar CBSÉ.[3]

**21.55** Coinnítear cuntais ar leith i gcomhair CBSÉ agus ní bhíonn siad ina gcuid de chuntais GBCN chun críocha alt 12 d'Acht 1990 (arna leasú).[4]

1 Eisíodh an tuarascáil ar an iniúchadh ar an GNBS ar an 30 Aibreán 2018.

2 Tugtar sainmhíniú ar ghnóthais bheaga agus mheánmhéide de réir Alt 2 de Mholadh CE 2003/361/CE (an 6 Bealtaine 2003).

3 Alt 10 den Acht um Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann, 2014.

4 Eisíodh an tuarascáil ar an iniúchadh ar CBSÉ do 2017 ar an 30 Aibreán 2018.